Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0197 (COD)**

**9522/18**
**ADD 2**

**FSTR 23**
**REGIO 31**
**FC 24**
**CADREFIN 50**
**IA 151**
**CODEC 897**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 372 final - IARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') agus an Ciste Comhtháthaithe ('CC') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 372 final - IARSCRÍBHINN 2.

Faoi iamh: COM(2018) 372 final - IARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 29.5.2018
COM(2018) 372 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') agus an Ciste Comhtháthaithe ('CC')**

{SEC(2018) 268 final} - {SWD(2018) 282 final} - {SWD(2018) 283 final}

# IARSCRIBHINN II

## Croí-thacar táscairí feidhmíochta don CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe a dtagraítear dóibh in Airteagal 7(3)[1]

| Cuspóir beartais | Cuspóir sonrach | Aschuir | Torthaí |
|---|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| **1. Eoraip níos cliste trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste a chur chun cinn** | (i) cur le hacmhainní taighde agus nuálaíochtaagus leis an nglacadh a bhíonn le hard-teicneolaíochtaí | CCO 01 - Fiontair a fhaigheann tacaíocht chun nuálaíochta<br>CCO 02 - Taighdeoirí atá ag obair in áiseanna taighde a bhfuil tacaíocht acu | CCR 01 – (Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) a bhfuil nuálaíocht táirgí, nuálaíocht próiseas, nuálaíocht margaíochta nó nuálaíocht eagrúcháin á dtabhairt isteach acu) |
| | (ii) Tairbhe a bhaint as an digitiú le haghaidh saoránaigh, cuideachtaí agus rialtais | CCO 03 - Fiontair agus institiúidí poiblí a dtugtar tacaíocht dóibh le forbairt a chur ar tháirgí digiteacha, ar sheirbhísí, agus ar fheidhmchláir | CCR 02 - Úsáideoirí breise na dtáirgí digiteacha nua, agus na seirbhísí agus na bhfeidhmchlár a bhíonn á bhforbairt ag fiontair agus ag institiúidí poiblí |
| | (iii) Fás agus iomaíochas FBManna a fheabhsú | CCO 04 - FBManna a fhaigheann tacaíocht le poist agus le fás a chruthú | CCR 03 - Poist a cruthaíodh i FBManna a bhfuil tacaíocht acu |
| | (iv) Scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don trasghabháil tionsclaíoch agus don fhiontraíocht | CCO 05 - FBManna atá ag infheistiú i bhforbairt scileanna | CCR 04 - Foireann FBManna a bhfuil tairbhe acu ar oiliúint chun forbairt scileanna |

[1] Úsáidfidh an Coimisiún na táscairí seo i gcomhréir leis an gceangaltas chun tuairiscithe atá air de bhun Airteagal 38(3)(e)(i) den Rialachán Airgeadais infheidhme.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2. Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, an t-oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí a chur chun cinn** | (i) Bearta chun an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn | CCO 06 – Infheistíocht sna bearta a chuirfidh feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh | CCR 05 – Tairbhithe a bhfuil rangabháil fuinnimh feabhsaithe acu |
| | (ii) an fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn | CCO 07 - acmhainn táirgeachta breise don fhuinneamh inathnuaite | CCR 06 – An méid fuinnimh inathnuaite bhreise a táirgeadh |
| | (iii) córais chliste fuinnimh agus greillí agus stóras a fhorbairt ag an leibhéal áitiúil | CCO 08 - córais bhainistíochta digiteacha agus iad forbartha le haghaidh greillí cliste | CCR 07 - Úsáideoirí breise atá ceangailte do na greillí cliste |
| | (iv) oiriúnú don athrú aeráide, toirmeasc rioscaí, agus teacht aniar ó thubaistí a chur chun cinn | CCO 09 - Faireachán tubaistí nua nó uasghrádaithe, mar aon le córais foláirimh agus freagartha | CCR 08 - An daonra breise a bhfuil bearta cosanta in aghaidh tuilte, tinte foraoise agus tubaistí nádúrtha eile a bhaineann leis an aeráid ag dul chun sochair dóibh |
| | (v) An bainistiú uisce inmharthana a chur chun cinn | CCO 10 - Acmhainní nua nó uasghrádaithe le fuíolluisce a ghlanadh | CCR 09 - An daonra breise atá ceangailte ar a laghad le córas glanta fuíolluisce tánaisteach |
| | (vi) An trasghabháil chuig an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn | CCO 11 – Acmhainní nua nó uasghrádaithe le dramhaíl a ghlanadh | CCR 10 - Athchúrsáil bhreise ar dhramhaíl |
| | (vii) An bhith-éagsúlacht agus an bonneagar glas a chothú sa timpeallacht uirbeach, agus truailliú a laghdú | CCO 12 - Dromchla na limistéar uirbeach atá faoi bhonneagar glas | CCR 11 - An daonra a bhfuil bearta i gcaighdeán an aeir ag dul chun sochair dó |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. **Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht agus an nascacht réigiúnach TFC a fheabhsú** | (i) An nascacht dhigiteach a fheabhsú | CCO 13 - Líon na dteaghlach agus na bhfiontar breise atá clúdaithe ag líonraí leathanbhanda a bhfuil acmhainn an-mhór iontu | CCR 12 - Líon na dteaghlach agus na bhfiontar breise a bhfuil síntiús acu le líonraí leathanbhanda a bhfuil acmhainn an-mhór iontu |
| | (ii) TEN-T a fhorbairt a bheidh inbhuanaithe, é slán cliste agus idirmhodhúil, agus seasmhacht in aghaidh na haeráide a bheith ann | CCO 14 – TEN-T na mBóithre: Bóithre nua agus bóithre uasghrádaithe | CCR 13 - Sábhailt ama de bharr feabhair ar bhonneagar na mbóithre |
| | (iii) Soghluaisteacht a fhorbairt go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil a bheidh inbhuanaithe cliste idirmhodhúil, soghluaisteacht a mbeidh seasmhacht ann in aghaidh na haeráide, forbairt a mbeidh feabhas rochtana ar TEN-T agus soghluaisteacht trasteorann le háireamh air. | CCO 15 – TEN-T na nIarnród: Iarnróid nua agus iarnróid uasghrádaithe | CCR 14 - Líon na bpaisinéirí a bhfuil iompar iarnróid feabhsaithe ag freastal orthu |
| | (iv) Soghluaisteacht uirbeach ilmhodhúil inbhuanaithe a chur chun cinn | CCO 16 - Nuachóiriú ar na línte tram agus métro, agus síneadh a chur leo | CCR 15 - Líon na n-úsáideoirí a bhfuil línte nua agus línte nuachóirithe tram agus métro ag freastal orthu in aghaidh na bliana |
| **4. Eoraip níos sóisialta trí chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** | (i) feabhas a chur ar éifeachtacht na margaí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardchaighdeáin trí bhonneagar a fhorbairt sa nuálaíocht shóisialta | CCO 17 - Líon na ndaoine dífhostaithe a ndéanann áiseanna feabhsaithe i seirbhísí fostaíochta freastal orthu | CCR 16 - Lucht cuardaithe post a úsáideann áiseanna feabhsaithe i seirbhísí fostaíochta gach bliain |
| | (ii) Forbairt a chur ar an mbonneagar le feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha den scoth san oideachas, san oiliúint, agus sa léann saoil | CCO 18 - Acmhainní nua nó uasghrádaithe do chúram na leanaí agus don bhonneagar oideachais | CCR 17 - Líon na n-úsáideoirí a bhfuil línte nua agus línte nuachóirithe tram agus métro ag freastal orthu gach bliain |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (iii) Trí bhíthin bearta comhtháite, ar a n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta, méadú a chur ar lánpháirtíocht socheacnamaíoch na bpobal imeallach, na n-imirceánach, agus na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste; | CCO 19 - An acmhainn bhreise atá sna bonneagair fáilte a cruthaíodh nó a uasghrádaíodh | CCR 18 - Líon na n-úsáideoirí a bhfuil áiseanna fáilte agus áiseanna tithíochta nua nó feabhsaithe ag freastal orthu gach bliain |
| | (iv) An bonneagar a fhorbairt le rochtain chothrom ar chúram sláinte a áirithiú, an cúram príomhúil san áireamh | CCO 20 – Acmhainní nua nó uasghrádaithe do bhonneagar an chórais sláinte | CCR 19 - An daonra a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí sláinte feabhsaithe |
| **5. Eoraip atá níos giorra do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite limistéar uirbeach, tuaithe agus cósta a chothú mar aon le tionscnaimh áitiúla** | (i) An fhorbairt chomhtháite comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch, mar aon leis an oidhreacht chultúrtha agus an tslándáil, a chothú i gceantair uirbeacha | CCO 21 - An daonra atá á chlúdach ag straitéisí don fhorbairt chomhtháite eacnamaíoch | |